Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**11788/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0214(NLE)**

**FISC 198**
**ECOFIN 1035**
**FL 45**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 115, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (b), agus Airteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Tuairim an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta[2] ('an Comhaontú'), cuireadh feabhas ar chúnamh frithpháirteach i gcúrsaí cánach idir na Páirtithe Conarthacha agus ar chomhlíontacht cánach idirnáisiúnta.

(2) Formheasadh athruithe tábhachtacha ar Chomhchaighdeán Tuairiscithe na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar an leibhéal idirnáisiúnta an 26 Lúnasa 2022 agus rinneadh iad a ionchorprú i ndlí an Aontais trí bhíthin Threoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle[3], lenar leasaíodh Treoir 2011/16/AE ón gComhairle[4].

(3) Dá bhrí sin, is gá an Comhaontú a leasú chun a áirithiú go ndéanfar an t-uathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais idir Ballstáit agus Prionsacht Lichtinstéin ('Lichtinstéin') a ailíniú leis an gComhchaighdeán Tuairiscithe a tugadh cothrom le dáta ón 1 Eanáir 2026 agus go leanfar den uathmhalartú sin a dhéanamh i gcomhréir leis an gComhchaighdeán sin.

---

2 IO L 379, 24.12.2004, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2004/897/oj.

3 Treoir (AE) 2023/226 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (IO L, 2023/2226, 24.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2226/oj).

4 Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/16/oj).

(4) Is léiriú cuí é téacs an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta ('an Prótacal Leasaitheach'), atá mar thoradh ar an gcaibidlíocht, ar an treoir chaibidlíochta a d'eisigh an Chomhairle.

(5) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/… ón gComhairle[5+], síníodh an Prótacal Leasaitheach an … [*dáta a shínithe*], faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

(6) Ba cheart an Prótacal Leasaitheach agus na Dearbhuithe Comhpháirteacha atá i gceangal leis a fhormheas thar ceann an Aontais.

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

---

[5] Cinneadh (AE) 2025/… ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta (IO L, …, , ELI: …).

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha an Chinnidh seo a leagtar amac in ST 11785/25 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

[6] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(8) Chuir Lichtinstéin, ar bhonn a ballraíochta sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] chun feidhme trí bhíthin Ghníomh um Chosaint Sonraí an 4 Deireadh Fómhair 2018,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[7] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta[8].

*Airteagal 2*

Formheastar leis seo, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir le hAirteagal 5 den Chomhaontú agus Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir le teacht i bhfeidhm agus éifeacht an Phrótacail Leasaithigh thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha[9].

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

8 Foilsítear téacs an Phrótacail Leasaithigh in [*cuir isteach tagairt IO*].

9 Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*